Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# AN ARDTEISTIMÉIREACHT 2013

# AISTRIÚCHÁN AR SCÉIM MHARCÁLA

# NASCMHODÚIL

## LEIBHÉAL COMÓNTA

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.
Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

# Gairmchlár na hArdteistiméireachta

# Scrúdú Nascmhodúl

# 2013

# Scéim Réiteach & Mharcála

# Scrúdú Scríofa

| Marcanna Iomlána an Scrúdaithe 160 | |
|---|---|
| Gradam | 128 marc |
| Fiúntas | 104 marc |
| Pas | 80 marc |

| Roinn A | Closamharc | 30 marc |
|---|---|---|

**Cuid 1**

| | | |
|---|---|---|
| **C.1** | Cé chomh fada is atá Andrea agus Tom ina gcónaí i gCo. Chill Chainnigh? | 1 mharc |

6 bliana.
1 mharc

**C.2** Luaigh **dhá** shlí ar bhain Tom agus Andrea tairbhe as an saol faoin tuath in Éirinni gcomparáid leis an saol i Stáit Aontaithe Mheiriceá. **2 mharc**

1. Tá an cíos níos ísle ná mar atá i Nua-Eabhrac.
2. Is féidir leor i bhfad níos mó ama a chaitheamh le chéile anois.
3. Is áit thacúil chairdiúil í Cill Chainnigh le hobair agus le cónaí inti.
4. Mianach saoil níos fearr acu.
5. Níos cóngaraí don teaghlach/braitheann siad uathu an teaghlach.

2 @ 1m

| | | |
|---|---|---|
| **C.3** | Cén tairbhe a bhaineann 'Réaltaí na hOíche' as Slí na Ceardaíochta i gCill Chainnigh? | **3 mharc** |

1. Raon ealaíontóirí – cabhraíonn siad lena chéile/tacúil/cairdiúil.
2. Díol spéise do thurasóirí – méadaíonn sé an trádáil do gach ceardaíocht.
3. Faightear fógraíocht mhaith ar shuíomh gréasáin Shlí na Ceardaíochta i gCill Chainnigh.

3 @ 1m

**Cuid 2**

| | | |
|---|---|---|
| **C.4** | Déan cur síos ar roinnt de na slite a n-eagraíonn Tom airgeadas 'Réaltaí na hOíche'. | **4 mharc** |

1. Coigiltis ó na Stáit Aontaithe.
2. Chuir sé isteach ar dheontas leis an gComhairle Cheardaíochta.
3. Déanann sé idirbheartaíocht leis an mbanc.
4. Íocann sé na billí.
5. Coimeádann sé súil ar an airgeadas go léir.

4 @ 1m

| | | |
|---|---|---|
| **C.5** | Mínigh **dhá** bhuntáiste a bhaineann le hearra ceardaíochta a dhéantar go háitiúil a cheannach mar bhronntanas in ionad earra a tháirgtear ar scála ollmhór. | **4 mharc** |

1. Tá a fhios ag na ceannaitheoirí go bhfuil caighdeán maith i ngach píosa ceardaíochta/gur píosa aonuaire é agus go bhfuil sé lámhdhéanta.
2. Nuair a cheannaítear rudaí go háitiúil, coimeádtar airgead sa cheantar - cabhraíonn sé le poist a chruthú.

2 @ 2m
(1 + 1)

| | |
|---|---|
| **C.6** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** fhadhb ag tionscail cheardaíochta in Éirinn le blianta beaga anuas. | **4 mharc** |

1. Tá laghdú ar an turasóireacht – creideann cuairteoirí ón gcoigríoch go bhfuil Éire costasach.
2. Tá níos lú ioncaim ag pobal na hÉireann/ag coigilt níos mó airgid/an cúlú eacnamaíochta ag dul i bhfeidhm – níos lú airgid á chaitheamh anois ar earraí sóchais mar earraí ceardaíochtaí.
3. Tá méadú ar na costais – an costas a bhaineann le hábhair a iompórtáil agus costais eile mar chánacha agus árachas.

2 @ 2m
(1 + 1)

**Cuid 3**

| | |
|---|---|
| **C.7** Mínigh **trí** shlí a bhféadfaí ICT (Teicneolaíocht na Faisnéise agus na Cumarsáide) a úsáid chun tionscail cheardaíochta in Éirinn a chur chun tosaigh ar an margadh. | **6 mharc** |

1. Suímh ghréasáin/YouTube – suíomh gréasáin ag gach gnólacht nó suíomh gréasáin ag na gnólachtaí ceardaíochta go léir sa cheantar.
2. Is féidir suímh na meán sóisialta mar Facebook agus Twitter a úsáid chun earraí a chur chun cinn.
3. Aipeanna fóin – ar fáil ar fhóin chliste/liosta dearthóirí ceardaíochta/cuireann ar chumas daoine a seodra féin a dhearadh. Is féidir iad a úsáid agus cuairteoirí ag taisteal go dtí suímh dhifriúla chun gnólachtaí ceardaíochta a aimsiú.
4. Ríomhphost – Leag amach bunachar sonraí de chustaiméirí/ealaíontóirí/lucht teagmhála.

3 @ 2m
(1 + 1)

| | |
|---|---|
| **C.8** Cén chomhairle a chuirfeá ar dhuine atá ag smaoineamh ar thionscal ceardaíochta a bhunú in Éirinn faoi láthair? | **6 mharc** |

1. Déan go leor taighde ar gach gné den tionscal sula dtosaíonn tú – ciallóidh sé sin gur lú an seans go dteipfidh ar an tionscal.
2. Bíodh scileanna maithe gnó agat/bíodh fear gnó nó bean ghnó ar bord agat/meantóir/téigh ar chúrsaí traenála/faigh scileanna breise/Bord Fiontraíochta Contae.
3. Cuir na táirgí ceardaíochta chun cinn go maith/bíodh ceangal agat le ceardaithe eile sa cheantar cosúil le Slí na Ceardaíochta i gCill Chainnigh. Bain úsáid as an teicneolaíocht chun do thionscal ceardaíochta a chur chun cinn – suímh ghréasáin, Facebook, Twitter, aipeanna fóin chliste, etc.
4. Cúrsaí airgid – Déan deimhin de go bhfuil go leor airgid agat le tosú/coigiltis/iasacht/deontais.
5. Ullmhaigh plean gnó maith/chun gnéithe difriúla de ghnólacht a scrúdú nó chun fócas a dhíriú don fhoireann oibre.
6. Roghnaigh ionad maith: trádáil ócáideach
   in aice le hoibrithe eile ceardaíochta
   turasóireacht
   páirceáil

3 @ 2m
(1 + 1)

| Roinn B | Cás-staidéar | 30 marc |
|---|---|---|

| |
|---|
| **C.1** Mínigh **trí** cinn de na téarmaí seo a leanas:<br>Fóin Chliste<br>Plean Gníomhaíochta<br>Pacáiste Iomarcaíochta<br>Curriculum Vitae **6 mharc** |

| | |
|---|---|
| Fóin Chliste | Is fón póca/gléas é seo a bhfuil an cumas ríomhaireachta ann níos forbartha. Tá roinnt feidhmeanna ann nach bhféadfaí a dhéanamh ach amháin ar ríomhaire roimhe seo agus ar féidir iad a dhéanamh anois ar fhón cliste, e.g. ríomhphost, an t-idirlíon. Is féidir é a úsáid freisin chun leas a bhaint as aipeanna fóin. |
| Plean Gníomhaíochta | Cuntas ar cad is gá a dhéanamh, cathain is gá é a bheith déanta agus cé a dhéanfaidh é chun sprioc áirithe a bhaint amach. |
| Pacáiste Iomarcaíochta | Socraíocht airgeadais a íoctar chun cúiteamh a dhéanamh le fostaithe nuair a chailleann siad a bpost. Bíonn an íocaíocht bunaithe ar cé chomh fada agus a bhí an fostaí ag obair sa ghnólacht. |
| Curriculum Vitae | Is doiciméad é a úsáidtear chun cur isteach ar phost/tugann sé sonraí faoin iarratasóir: cáilíochtaí oideachais, taithí oibre, scileanna, cad is suim leis/léi, caitheamh aimsire, teistiméirí. |

3 @ 2m
(1 + 1)

| |
|---|
| **C.2**<br>(i) Ainmnigh **dhá** ghníomhaireacht chuí rialtais ar chóir don Chomhairle Bhaile agus don Chomhlachas Trádála Áitiúil tacaíocht a lorg uathu chun déileáil le dúnadh Axel Ríomhairí.<br>(ii) Tabhair breac-chuntas ar na saghsanna éagsúla tacaíochta a d'fhéadfadh na gníomhaireachtaí sin a chur ar fáil chun cabhrú leis an mbaile seo déileáil le dúnadh Axel Ríomhairí.<br>(iii) Cén fáth an bhfuil sé tábhachtach muintir na háite a bheith i láthair ag an gcruinniú atá eagraithe sa bhaile? **12 mharc** |

(i) IDA Ireland
Fiontraíocht Éireann
Boird Fhiontraíochta Chontae
FÁS (SOLAS) – An Roinn Coimirce Sóisialaí
Leader
2 @ 1m

(ii) IDA Ireland

1. Tugann sé comhairle chun infheistíocht thar lear eile a mhealladh go hÉirinn.
2. Is féidir leo cabhrú le gnólachtaí a dteastaíonn uathu cur fúthu in Éirinn/deontais.
3. Beidh siad in ann Clárach a mhargú mar shuíomh do chomhlachtaí nua atá in ann easpórtáil.
4. Oibríonn siad chun naisc a thógáil idir ghnólachtaí idirnáisiúnta, an t-oideachas tríú leibhéil, ionaid acadúla agus taighde chun a chinntiú go bhfuil na scileanna riachtanacha ar fáil, chomh maith le cumas taighde agus forbartha.
5. Is féidir leo tionchar a bheith acu ar riachtanais iomaíocha gheilleagar na hÉireann agus iad ag gabháil i mbun forbairt rudaí mar bhonneagar, seirbhísí tacaíochta gnó, comhlachtaí cumarsáide, oideachas agus ceisteanna rialála, e.g. polasaí an AE.
6. Is féidir leo eolas riachtanach agus staitisticí a sholáthar faoi earnálacha tábhachtacha gnó agus suímh laistigh d'Éirinn.
7. Is féidir leo comhairle a thairiscint faoi réitigh mhaoine d'infheisteoirí idirnáisiúnta/bonneagar.

Fiontraíocht Éireann

1. Tacaíochtaí cistiúcháin do ghnólachtaí nuathionscanta, do leathnú gnólachtaí, don taighde agus don fhorbairt.
2. Cúnamh easpórtála le tacaíocht mhargaíochta agus bealach isteach i ngréasán idirnáisiúnta.
3. Tacaíochtaí chun cumas iomaíochta a fhorbairt i gcomhlachtaí Éireannacha atá ag feidhmiú i margaí idirnáisiúnta.
4. Cúnamh le taighde agus le forbairt le haghaidh táirgí agus seirbhísí nua.
5. Naisc le custaiméirí thar lear.

Bord Fiontraíochta Contae

1. Cuireann siad deontais ar fáil do ghnólachtaí nuathionscanta, deontais indéantachta agus deontais leathnaithe gnó.
2. Cuireann siad tacaíocht/comhairle ar fáil do ghnólachtaí beaga le 10 fostaithe nó níos lú, ag an leibhéal áitiúil.
3. Déanann siad fiontraíocht/traenáil/acmhainn forbartha/mná sa ghnó, a chur chun cinn ag an leibhéal áitiúil.
4. Tugann siad tacaíocht do ghnólachtaí idir nua agus bhunaithe leis an meantóireacht a chuireann siad ar fáil.

FÁS (SOLAS)

1. Cuireann FÁS cúnamh agus comhairle ar fáil dóibh sin atá ag lorg fostaíochta chun deiseanna oibre oiriúnacha a fháil.
2. Cuireann sé raon de chúrsaí traenála ar fáil atá in oiriúint do riachtanais na n-iarratasóirí/traenáil ábhartha/feabhsú scileanna.

An Roinn Coimirce Sóisialaí

1. Téann an Clár Fostaíochta Pobail chun tairbhe don phobal áitiúil agus d'eagraíochtaí deonacha mar is féidir leo sin atá dífhostaithe dul ag obair do na heagraíochtaí seo agus a gcuid íocaíochtaí leasa shóisialaigh a fháil freisin.
2. Cuireann scéim JobBridge socrúcháin taithí oibre ar fáil dóibh sin nach bhfuil in ann obair a fháil gan taithí a bheith acu.

Leader

1. Tuairimí nua agus nuálacha a spreagadh. Tacú le forbairt agus cruthú gnó tuaithe.
2. Cistiú/deontais ar fail chun forbairt a dhéanamh ar ghnólachtaí, ar shaoráidí agus ar sheirbhísí nua agus ar chinn a bhí ann cheana féin.
3. Seirbhísí meantóireachta a chur ar fail do ghnólachtaí, do theaghlaigh feirme agus do ghrúpaí pobail chun tús a chur lena gcuid tuairimí.
4. Cúrsaí traenála/feabhsú scileanna a chur ar fáil.

8 marc
2 @ 4m
(2+ 2)

(iii)

1. Is féidir leo a gcuid tuairimí faoi fhorbairtí a nochtadh. .
2. Má bhíonn slua maith ann, cinnteoidh se go mbeidh raon leathan ionadaíochta ar fáil ón bpobal áitiúil.
3. D'fhéadfaí níos mó tuairimí a ghiniúint agus ciallóidh sé sin go mbeidh plean gníomhaíochta níos fearr ann.
4. Tá seans níos fearr go mbeidh rath ar na fiontair/úsáid nua má bhíonn tacaíocht áitiúil ann.
5. Tá an pobal áitiúil páirteach chun réiteach a fháil ar fhadhb ar bith a tharlaíonn, rud atá níos fearr go fadtréimhseach/cothaítear spiorad pobail níos fearr/cruthaíonn sé tuiscint ar na ceisteanna a mbeidh ar an bpobal aghaidh a thabhairt orthu.

2 @ 1m

**C.3**

(i) Déan cur síos ar cad ba chóir do Mharc a dhéanamh chun an cháilíocht fhoirmiúil is fearr a d'oirfeadh dá chuid riachtanas a bhaint amach.

(ii) Mac léinn lánfhásta é Marc agus tá agallamh aige le haghaidh áit ar chúrsa IT (Teicneolaíocht na Faisnéise). Mínigh conas is féidir leis a chinntiú go ndéanfaidh sé go maith san agallamh.

**12 mharc**

(i)

1. Ní mór do Mharc measúnú a dhéanamh ar a scileanna féin, a cháilíochtaí, a thaithí agus a bhuanna agus limistéir eile a aithint ina bhfuil forbairt bhreise riachtanach. Caithfidh sé socrú ar an gcáilíocht a theastaíonn uaidh a bhaint amach.
2. Labhairt le saineolaí gairmthreorach. Ba chóir dó úsáid mhaith a bhaint as an gcomhairle agus as na deiseanna pleanáil ghairme atá á dtairiscint ag an gcomhlacht.
3. Is féidir leis taighde a dhéanamh ar chúrsaí oiriúnacha IT má úsáideann sé Careers Portal, Qualifax, suímh ghréasáin choláistí, FÁS, aontaí gairmeacha beatha, seirbhísí treorach do dhaoine fásta, fáil amach na riachtanais iontrála nó agallamh a chur ar dhuine éigin atá ag obair sa ghairm sin, etc.
4. Ba chóir do Mharc a sheiceáil chun a fháil amach an bhfuil scéimeanna nó deontais rialtais ar bith ann a thabharfaidh cúnamh airgeadais dó.
5. Cuir isteach ar chúrsa a bhfuil dúil aige ann – CAO/iontráil dhíreach.

6 mharc
3 @ 2m
(1 + 1)

(ii)

1. Ba chóir do Mharc a bheith in am don agallamh + forbairt bhailí air sin.
2. Ba chóir dó gléasadh go cuí chun dul i bhfeidhm go maith ar dhuine don chéad uair.
3. Taispeánann comharthaíocht dhearfach choirp go bhfuil suim aige sa rud, e.g. suigh suas go díreach agus croith lámh an agallóra go daingean.
4. Féach sa tsúil ar an agallóir. Léiríonn sé muinín.
5. Ba choir dó labhairt go soiléir agus go mall chun go dtuigfidh agus go gcloisfigh an t-agallóir a chuid pointí go léir.
6. Freagair gach ceist a chuirtear, iarr soiléiriú i gcás go bhfuil sé éiginnte, déan na freagraí a fhorbairt.
7. Ba choir do Mharc a bheith ullmhaithe go maith, na fíorais ábhartha a bheith ar eolas aige chun a thaispeáint go bhfuil taighde déanta aige ar an gcoláiste agus ar an gcúrsa. Athbhreithniú a dhéanamh ar a CV. Ba chóir dó roinnt ceisteanna a ullmhú le cur ar an agallóir.
8. Déan agallamh 'bréige' roimh ré + forbairt bhailí air sin.

6 mharc
3 @ 2m
(1 + 1)

| Roinn C | Ceisteanna Ginearálta | 100 marc |
|---|---|---|

**Q.1**

| **(a)** | Mínigh an téarma 'Fiontraí'. | **4 mharc** |
|---|---|---|

Is duine é a bhaineann úsáid as a thionscnaíocht/chun tús a chur le deis ghnó/smaoineamh, téann sé i bhfiontar leis an smaoineamh agus cuireann sé gnólacht ar bun.

2 @ 2m
(0, 2)

| **(b)** | Déan cur síos ar **dhá** luaíocht agus ar **dhá** dhúshlán a bhíonn ann d'fhiontraí. | **4 mharc** |
|---|---|---|

Dhá luaíocht:

1. Neamhspleáchas – oibríonn tú duit féin/i do mháistir féin.
2. Sásamh pearsanta agus gnó curtha ar bun agat.
3. Brabús ard má éiríonn leis an ngnó.
4. Tá smacht agat ar na cinntí a dhéantar/socraíonn tú do chuid uaireanta oibre féin.

2 @ 1m

Dhá dhúshlán:

1. Féadann sé a bheith strusmhar/déanann tú na cinntí móra go léir/saineolas riachtanach i ngach limistéar gnó.
2. Riosca ann de theip phearsanta agus de theip airgeadais.
3. Rachaidh an timpeallacht eacnamaíochta i bhfeidhm ar an ngnó/deacair airgeadas a fháil/iomaíocht.
4. Beidh ort uaireanta fada a oibriú/ní féidir leat dúnadh síos riamh/tionchar ar shaol an teaghlaigh.

2 @ 1m

| **(c)** | Mar chuid de Ghairmchlár na hArdteistiméireachta rinne tú staidéar ar fhiontraí i do cheantar féin. Tabhair breac-chuntas ar na céimeanna a thug tú chun ullmhú i gcomhair an agallaimh leis an bhfiontraí seo. |
|---|---|

**8 marc**

1. Déan taighde ar an bhfiontraí sa ghnólacht/sa tseirbhís/san eagraíocht.
2. Déan teagmháil tosaigh leis an bhfiontraí. Bí cinnte faoi dáta, am agus ionad an agallaimh a shocrú. Deimhnigh na socrúcháin.
3. Socraigh ar na ceisteanna atá le cur agus bí cinnte go bhfuil siad soiléir agus beacht. Bí soiléir faoi aidhmeanna an agallaimh agus faoin eolas atá á lorg agat.
4. Iarr ar do mhúinteoir comhairle a thabhairt/athbhreithniú a dhéanamh ar na ceisteanna sula ndéantar an t-agallamh.
5. Déan cleachtadh ar cheisteanna a chur/scileanna cumarsáide. Déan cleachtadh ar an tslí is fearr chun tabhairt faoin agallamh.
6. Má tá an t-agallamh á dhéanamh mar fhoireann, socraigh roimh ré cén ról a bheidh ag gach duine, agallóir, cé a thógfaidh nótaí, etc.

4 @ 2m
(1 + 1)

| **(d)** | Luaigh **trí** thréith phearsanta is gá a bheith ag fiontraí. Mínigh an tábhacht a bhaineann le **gach** tréith acu. **9 marc** |
|---|---|

| | | |
|---|---|---|
| 1. | Téann sé i bhfiontar | Is féidir leis an bhfiontraí dul i bhfiontar lena chuid airgeadais phearsanta. Tá sé seo tábhachtach mar caithfidh tú a bheith sásta airgead a chailliúint mura n-éiríonn leis an bhfiontar. |
| 2. | Féinmhuinín. | Caithfidh muinín/creideamh a bheith ag an bhfiontraí ina smaoineamh. Cuireann sin ar chumas an duine gníomhú go dearfach mar creideann siad go n-éireoidh leo. |
| 3. | Oibrí dícheallach | Má chuireann tú gnó ar bun ciallaíonn sé uaireanta fada agus a bheith sásta saghsanna difriúla oibre a dhéanamh/níl tú in acmhainn duine eile a íoc. |
| 4. | Solúbtha | Ba chóir go mbeadh an fiontraí in ann é féin a chur in oiriúint do shuímh/róil dhifriúla. Éiríonn go maith leat nuair atá tú sásta pleananna a athrú, más gá. |
| 5. | Cinntitheach | Caithfidh an fiontraí a bheith in ann cinneadh tapa, eolach a ghlacadh. Tá sé seo tábhachtach mar caithfidh gan eagla a bheith ort cinneadh a dhéanamh a mbeidh tionchar aige ar reáchtáil do ghnó. |
| 6. | Nuálaíocht | Caithfidh an cumas a bheith aige/aici teacht suas le smaointe nua/feabhas a chur ar shean-smaoineamh. Bíodh céim chun tosaigh ag do tháirge/sheirbhís ar an iomaíocht. |

3 @1m – ainmniú
3 @ 2m
(1 + 1)
Tréith/Míniú/Tábhacht
Ná bíodh pointí ann níos mó ná uair amháin

**C.2 Is taithí foghlama iontach í an Taithí Oibre/Scáthfhoghlaim**.

| **(a)** | Tabhair breac-chuntas ar an gcaoi ar ullmhaigh tú i gcomhair do shocrúcháin oibre. **6 mharc** |
|---|---|

1. Rinne taighde ar na háiteanna ar féidir taithí oibre a dhéanamh.
2. CV a ullmhú/teimpléad a ullmhú don socrúchán oibre.
3. Rinne teagmháil leis an bhfostóir/scríobh litir/ghlaoigh ar an bhfón/chuir ríomhphost/teagmháil phearsanta.
4. Chuir isteach foirm maidir le Toiliú Tuismitheora.
5. Thug sonraí árachais don fhostóir.
6. Rinne taighde ar an saghas oibre a bhí le déanamh/ar an gcomhlacht ina mbeidh an socrúchán.
7. Rinne seiceáil ar amanna tosaigh/críochnaithe.
8. Shocraigh cúrsaí taistil/éadaí/lón/trealamh riachtanach, etc.
9. Rinne na tseiceáil ábhartha traenála/slándála.

3 @ 2m
(1 + 1)

| **(b)** | Tá scileanna idirphearsanta an-tábhachtach san ionad oibre. Déan cur síos ar dhá shampla éagsúla inar léirigh tú scileanna idirphearsanta agus tú ar do socrúchán oibre. **4 mharc** |
|---|---|

1. Déileáil le custaiméiri/cliaint, ceisteanna a fhreagairt.
2. Cúnamh a lorg ó dhaoine eile faoi thasc/idirghníomhú le baill eile den fhoireann/obair bhuíne.
3. Agallamh le maoirseoir/le húinéir faoin saghas oibre/m'fhiosrú gairme á ullmhú.
4. Déileáil le tasc deacair/suíomh strusmhar.
5. Aiseolas /athbhreithniú.

2 @ 2m
(1 + 1)

| | |
|---|---|
| **(c)** | Mínigh an chaoi inar féidir le fostóir a chinntiú go mbainfidh mic léinn leas agus tairbhe as a gcuid taithí oibre. **7 marc** |

1. Ba chóir do fhostóirí deimhin a dhéanamh de go bhfaigheann mic léinn traenáil chuí, e.g. eolas Sláinte agus Sábháilteachta/ionduchtú maith i dtús na hoibre.
2. Ba chóir jabthuairisc, atá sainmhínithe go soiléir, a chur ar fáil, ina bhfuil amanna tosaigh agus deiridh, cód éadaí, socruithe don lón, etc.
3. Ba choir dóibh éagsúlacht tascanna a chur ar fáil chun an taithí a leathnú. Ná tabhair obair thuirsiúil gan bhrí dó/di. Coinnigh broidiúil é/í ach gan an iomad oibre.
4. Ba chóir meantóir a cheapadh don mhac léinn, a thabharfaidh aire dó/di agus a fhreagróidh ceisteanna/a chuirfidh aiseolas ar fáil.
5. Caith leis an mac léinn mar fhostaí lánaimseartha chomh fada agus is féidir. Gan neamhaird a dhéanamh dó/di, gan leithcheal a dhéanamh air/uirthi.
6. Eolas ar chonair ghairme a chur ar fáil.

3 @ 2m
(1 + 1)
1 @ 1m

| | |
|---|---|
| **(d)** | Mínigh an tábhacht a bhaineann le taithí oibre a mheasúnú. **8 marc** |

1. Tá an measúnú tábhachtach mar is féidir leat smaoineamh ar cad atá foghlamtha/ar chomhlíon tú aidhmeanna nó cuspóirí.
2. Cabhraíonn sé leat sa todhchaí, e.g. socrú ar na ngairm a theastaíonn uait/nach dteastaíonn uait.
3. Cuirfidh an measúnú in iúl má tá limistéir agat a chaithfidh tú a fheabhsú sa todhchaí/cad a bhí go maith nó go holc.
4. A fháil amach an féidir leis an taithí cabhrú leat in ábhar Ardteistiméireachta ar bith.
5. Chun athbhreithniú a dhéanamh ar conas a d'éirigh leat déileáil le dúshláin agus le fadhbanna le linn do shocrúcháin.
6. Aiseolas do mhic léinn eile agus don mhúinteoir.
7. A fháil amach conas is féidir le scileanna agus eolas cabhrú leat ar Scoil/sa Bhaile/sa Phobal/sa todhchaí.

4 @ 2m
(1 + 1)

**C.3 Tá an ghníomhaíocht ar a dtugtar M'Áit Féin ina bealach luachmhar le heolas a chur ar do cheantar áitiúil.**

| | |
|---|---|
| **(a)** | Tabhair breac-chuntas ar na buntáistí a bhaineann le háiseanna caitheamh aimsire agus le gníomhaíochtaí eagraithe a bheith ar fáil do dhéagóirí i gceantair áitiúla. **4 mharc** |

1. Ní bheidh daoine óga i dtrioblóid/ in iompar frithshóisialta.
2. Traenáil/gné na forbartha pearsanta/úsáid dhearfach a gcuid ama, ó na gníomhaíochtaí, rud atá maith.
3. Tá sé go maith do dhaoine óga sóisialú lasmuigh den bhaile/den scoil/gné shóisialta.
4. Cuireann sé ar chumas daoine óga a chónaíonn i gceantair dhifriúla/a théann go dtí scoileanna difriúla, bualadh lena chéile agus aithne a chur ar a chéile.
5. Níos saoire ar theaghlaigh ná daoine óga a bheith ag lorg airgid chun dul amach, etc.
6. Beidh siad dearfach faoina gceantar agus mar sin b'fhéidir go mbeidh smaointe acu chun é a fheabhsú.
7. Sláinte coirp/intinne níos fearr.

2 @ 2m
(0, 2)

| | |
|---|---|
| **(b)** | Taispeánann an graf seo cuid na torthaí as cuid de shuirbhé a rinneadh ar dhéagóirí i mbaile beag maidir leis na háiseanna caitheamh aimsire ab fhearr leo iad a bheith ar fáil dóibh. Mínigh na céimeanna a theastaíonn chun suirbhé a chur i gcrích go sásúil. **6 mharc** |

1. Bí soiléir faoin eolas atá ag teastáil/treoracha soiléire/leagan amach maith.
2. Socraigh ar do lucht éisteachta/do spriocghrúpa.
3. Ullmhaigh ceisteanna soiléire atá tapa agus éasca le freagairt/éagsúlacht stíle sna ceisteanna. Ná bíodh an iomad ceisteanna sa suirbhé/gan aon cheist a bheith pearsanta/claonta/gan treoircheisteanna a bheith ann.
4. Socraigh cathain agus cá h áit a dteastaíonn uait an suirbhé a dhéanamh.
5. Socraigh conas atá tú chun na torthaí a bhailiú/a chomhaireamh. Bí cinnte de go bhfuil a fhios ag an rang go léir conas na torthaí a chomhordú/conas na torthaí a chur ar an taifead go beacht.
6. Cuir na torthaí ar fail i modh soiléir.
7. Bain úsáid as na torthaí chun socrú ar ghníomh/déan anailís ar na torthaí.

3 @ 2m
(1 + 1)

| | |
|---|---|
| **(c)** | Ainmnigh eagraíocht dheonach nó fiontar pobail atá i do cheantar féin. Scríobh mionchuntas ar an eagraíocht nó ar an bhfiontar sin faoi cheithre cheannteideal ábhartha. **9 marc** |

Ainm na heagraíochta 1m

1. Breac-chuntas ar ghníomhaíocht/Aidhmeanna agus Cuspóirí.
   Cad a dhéanann an eagraíocht?
   Cé a gcabhraíonn siad leo?
   Cén fáth ar cuireadh ar bun iad?

2. Stair na heagraíochta.

3. Airgeadas agus tiomsú airgid.
   Conas a dhéantar iad a mhaoiniú?
   Gníomhaíochtaí tiomsaithe airgid.
   Fadhbanna le hairgeadas/cúlú eacnamaíochta.

4. Soláthar foirne/Oibrithe deonacha
   Cén fhoireann oibre atá ag teastáil?
   Conas a dhéantar iad a earcú?
   An traenáil a thugtar.
   An buntáiste a bhaineann le hobair san eagraíocht.

5. Margaíocht agus Cur chun cinn.
   Conas a fhaigheann siad poiblíocht?

6. Pleananna forbartha agus pleananna don Todhchaí.

4 @ 2m
(1 + 1)
Ní bhronntar marcanna as na ceannteidil.

| | |
|---|---|
| **(d)** | Bíonn eagraíochtaí pobail ag brath ar dhaoine áitiúla a thugann dá gcuid ama agus cúnaimh go deonach. Déan cur síos ar conas a d'fhéadfadh eagraíochtaí pobail níos mó daoine óga a mhealladh le bheith páirteach leo. **6 mharc** |

1. Glac páirt i dtionscadail sna scoileanna áitiúla. Tairg labhairt leis na ranganna. Iarr ar mhic léinn páirt a ghlacadh i dtiomsú airgid. Eagraigh comórtais sna scoileanna le duaiseanna oiriúnacha.
2. Tairg socrúcháin oibre do mhic léinn GCAT agus na hidirbhliana/bain amach scil nua, e.g. garchabhair/traenáil spóirt/cuireann leis an CV/duaiseanna a fháil.
3. Slí atá lán de spórt chun am saor a líonad/an ghné shóisialta/imeachtaí sóisialta.
4. Clubanna a chur ar bun do dhaoine óga. Cabhrú leis na daoine óga a gclubanna féin a chur ar bun nó tionscadail a thabhairt dóibh laistigh d'eagraíocht an phobail.
5. Bíodh próiseas earcaíochta ann atá sainmhínithe go soiléir agat agus tabhair poiblíocht dó.
6. Bain úsáid as líonrú sóisialta/daoine cáiliúla a thabhairt i láthair chun obair na heagraíochta a chur chun cinn agus teagmháil a dhéanamh le daoine óga.
7. Ceadaigh do dhaoine óga cinntí a dhéanamh/bíodh ionchur acu faoi cad is féidir leo a dhéanamh laistigh den eagraíocht.

3 @ 2m
(1+1)

**C.4 Is cuid lárnach de Ghairmchlár na hArdteistiméireachta é foghlaim faoi ghnólachtaí i do cheantar féin**.

**(a)** Ainmnigh gnólacht ar thug tú cuairt air mar chuid de Ghairmchlár na hArdteistiméireachta.

Ainm an ghnólachta. 1m

**(b)** Tugann an-chuid gnólachtaí áitiúla cabhair agus tacaíocht do scoileanna. Mínigh conas is féidir le gnólacht cabhrú le meánscoileanna ina cheantar féin. **8 mharc**

1. Tairg taithí oibre do mhic léinn + forbairt bhailí air sin.
2. Tabhair deis dóibh cuairt a thabhairt ar an ngnólacht, nuair is cuí sin.
3. Labhair le mic léinn faoi cad a dhéanann siad/faoin ngnó go ginearálta.
4. Tairg urraíocht/deonacháin/seirbhísí/saoráidí do ghníomhaíocht scoile, e.g. foirne spóirt/ceoldrámaí, etc.
5. Cabhraigh chun agallaimh bhréige/laethanta gairme a chur ar siúl sa scoil.
6. Bí i do bhall de Bhord Bainistíochta na scoile. Tabhair comhairle/scileanna praiticiúla/sainchomhairle ar fhorbairtí sa scoil nó i limistéar a bhfuil tionchar aige ar an scoil.
7. Cuir seirbhísí meantóireachta ar fáil. 4 @ 2m (1 + 1)

**(c)** Tabhair breac-chuntas ar **cheithre** mhodh inar féidir le bainisteoir/úinéir gnólachta a chinntiú go bhfuil a chuid spriocanna gnó á mbaint amach. **8 marc**

1. Déan deimhin de phleanáil mhaith/go bhfuil na spriocanna atá leagtha amach réadúil/inbhainte amach. Bí cinnte go bhfuil an fhoireann oibre ar an eolas faoi spriocanna agus go dtuigeann siad iad agus go bhfuil gach duine ag obair i dtreo an chuspóra chéanna/cuir go leor acmhainní ar fáil chun na cuspóirí a bhaint amach.
2. Cuir fostaithe/foirne i bhfeighil ar limistéir dhifriúla/an soláthar foirne/cuir traenáil ar fail.
3. Déan athbhreithniú ar spriocanna go minic agus athraigh/ceartaigh más gá/cuir traenáil ar fáil/déan ragobair.
4. Déan cúnamh/comhairle ó lasmuigh a lorg, mar is cuí.
5. Tairg dreasacht mar bhónas nó mar choimisiún
6. Bí ag faire ar sheirbhís do chustaiméirí chun nach gcaillfidh tú custaiméirí. Athraigh do tháirge/do sheirbhís chun go gcuirtear ar fáil do chustaiméirí an rud atá uathu chun go bhfanfaidh siad dílis.
7. Déan an gnólacht a mhargú go maith, rud a chabhróidh chun díolacháin a ghiniúint.

4 @ 2m (1 + 1)

**(d)** Tá an cúlú eacnamaíochta ag cur isteach ar an-chuid gnólachtaí. Déan cur síos ar chuid de na straitéisí a bhféadfadh gnólachtaí úsáid a bhaint astu chun tionchar an chúlú eacnamaíochta a shárú. **8 marc**

1. Coinnigh costais/forchostais chomh híseal agus is féidir, e.g. déan idirbheartaíocht: le soláthraithe, le tiarnaí talún faoi chíos, le bainc chun a chinntiú go bhfaightear na rátaí is fearr/déan athstruchtúrú ar aisíocaíochtaí chun go mbeidh an gnólacht in ann leanúint ar aghaidh in am an ghátair/oibrithe a leagan as obair.
2. Díriú ar a bpríomhghnó agus é sin a dhéanamh go maith.
3. Seirbhís mhaith a chur ar fáil do na custaiméirí chun go bhfanfaidh siad dílis.
4. Tabhair isteach línte táirgí/éagsúlaigh/leathnaigh isteach i dtíortha eile.
5. Bain úsáid as feachtas margaíochta chun béim a leagan ar mhianach an táirge. Bain úsáid as taighde margaidh chun fanacht chun tosaigh ar an iomaíocht/tairiscintí speisialta chun go mbeidh luach a gcuid airgid á fháil ag na custaiméirí agus go bhfanfaidh siad leat.
6. Téigh isteach i ngrúpaí sainleasa e.g. Buy Irish, Fiver Friday a spreagann tacaíocht do ghnó Éireannach/siopadóireacht áitiúil. 4 @ 2m (1 + 1)

**C.5 Mar chuid de Ghairmchlár na hArdteistiméireachta iarradh ort gníomhaíocht fiontair ranga a eagrú**.

| | | |
|---|---|---|
| **(a)** | Liostaigh **dhá** mhodh le smaointe a ghiniúint i gcomhair fiontair ranga. | **2 mharc** |

1. Ransú smaointe/díospóireacht ranga/meabhairmhapaí.
2. Taighde margaidh/suirbhé/ceistneoir/bosca moltaí.
3. Margadh nideoige a aithint.
4. Déan athbhreithniú ar cad atá déanta san am atá thart/anailís ar rudaí ar theip orthu.
5. Bain úsáid as an teilifís/idirlíon chun féachaint ar threochtaí séasúracha ina mbeadh smaointe maithe, b'fhéidir.
6. Tabhair cuairt ar shiopaí áitiúla/lucht gnó chun a fháil amach cad a dhíolann go maith/iomaíocht /féachaint thar lear. Déan taighde ar cad a oibríonn go maith sa cheantar áitiúil.
7. Cuir ceist an thuismitheoirí/ar mhúinteoirí.

2 @ 1m

| | | |
|---|---|---|
| **(b)** | Tabhair breac-chuntas ar **thrí** chúis atá le taighde margaidh a dhéanamh. | **6 mharc** |

1. Faigh amach an mbeadh suim ag na mic léinn sa táirge/cad iad na bliainghrúpaí a bhfuil suim acu ann, chun gur féidir leat do tháirge a phleanáil timpeall orthu.
2. Is féidir leat tuairim a fháil ar cé mhéad a bheadh na mic léinn sásta a íoc.
3. Fadhbanna a d'fhéadfadh a bheith ann a aithint, e.g. cáilíocht/mianach, riachtanas le hamhábhair/caipiteal tosaigh/suíomh.
4. Bí cinnte nach gcuirtear airgead amú, tairg an chainníocht cheart.
5. Eolas faoi iomaitheoirí/cad atá sna siopaí/smaointe faoi tháirgí nua le tabhairt isteach.

3 @ 2m
(1 + 1)

(c) Leag amach an roinn Acmhainní agus Costas (airgid) de Phlean Gníomhaíochta. Bain úsáid as an eolas atá curtha ar fáil duit:

200 mír a dhíoltar ar €5 an ceann
urraíocht €100
fógraíocht €75
amhábhair €300
glaonna teileafóin €8.50
stáiseanóireacht €18 **11 mharc**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Roinn Acmhainní agus Costas/an Airgeadais [Ioncam/Caiteachas]** | | | 1m |
| **Teacht isteach [Ioncam]** | | | 1m |
| Díolacháin | 1,000 [1] | | |
| Urraíocht | 100 [1] | 1,100.00 | |
| | | | |
| **Costais [Caiteachas]** | | | 1m |
| Fógraíocht | 75.00 [1] | | |
| Amhábhair | 300.00 [1] | | |
| Teileafón | 8.50 [1] | | |
| Stáiseanóireacht | 18.00 [1] | 401.50 | |
| **Barrachas [Brabús]** | | €698.50 [1] | 1m |

Achoimre: 7 bhfigiúr le lipéid @ 1 m an ceann
4 Cheannteideal @ 1m an ceann

| | |
|---|---|
| **(d)** | Ainmnigh táirge/seirbhís ba mhian leat a chur chun cinn. Luaigh agus mínigh trí chineál fógraíochta a d'fhéadfaí a úsáid chun an táirge/an tseirbhís sin a chur chun cinn. **6 Mharc** |

1. Teilifís. Tá an teilifís an-éifeachtach agus féachann mórán daoine air. Is féidir físigh mhaithe/an phictiúrlann a úsáid.
2. Tá spriocluchte éisteachta mór ag an Raidió agus is féidir leis an bhfógraíocht a bheith níos sonraithe, e.g. Raidió 1 d'aoisghrúpa níos sine.
3. Póstaeir/cláir fógraíochta/fógráin/busanna/ráitis don phreas.
4. Tionscnaimh speisialta, e.g. samplaí saor in aisce is féidir a thabhairt amach le táirge atá ann cheana nó le táirge comhlántach. Is furasta é seo a dhéanamh agus tugann sé bealach díreach go dtí an margadh/seastán ar aonach/tacú duine atá clúiteach.
5. Urraíocht ar ócáid/foireann áitiúil. Tá sé seo go maith chun custaiméirí nua a spreagadh agus an t-ainm a choimeád úr.
6. Déan comórtas a rith, e.g. sluán a scríobh don táirge.
7. Nuachtáin/irisí.
8. Úsáid a bhaint as ICT – Facebook/Twitter/Ríomhphost/Aipeanna fóin.

3 @ 2m
(1 + 1)

**C.6 Nuair a thagann cuairteoirí chun cainte le rang scoile tugann siad eolas luachmhar don rang faoi ghnólachtaí áitiúla/eagraíochtaí pobail atá sa cheantar**.

| | |
|---|---|
| **(a)** | Tabhair breac-chuntas ar na buntáistí a bhaineann le haoichainteoir a thabhairt isteach sa scoil le labhairt le rang Nascmhodúl GCAT. **4 mharc** |

1. Tá pleanáil na cuairte seo ina ghníomhaíocht mhaith d'obair bhuíne agus foghlaimíonn an rang uaidh seo.
2. Foghlaimíonn tú faoin eagraíocht, rud a chabhródh leat freisin agus gairm á roghnú.
3. Déanann sé caidreamh a fhorbairt le gnólacht áitiúil/eagraíocht phobail a thabharfaidh cúnamh sa todhchaí/taithí oibre/meantóireacht/cuairteanna scoile.
4. Tá eolas ag an rang is féidir leo a úsáid chun mír a scríobh dá bhfillteán oibre, e.g. Tuarascáil Achoimre.
5. Taithí ar chuairt isteach a eagrú.
6. Tá tástáil déanta/feabhas curtha ar scileanna cumarsáide mar caithfidh duine éigin fáilte a rá, buíochas a ghabháil agus ceisteanna a chur. 4 @ 1m

| | |
|---|---|
| **(b)** | Tabhair breac-chuntas ar na céimeanna ba chóir a thabhairt lá na cuairte chun a chinntiú go n-éireoidh leis an gcuairt. **5 mharc** |

1. Cinntigh am na cainte ar an lá.
2. Bí cinnte go bhfuil an seomra ullamh, e.g. cuir amach cathaoireacha.
3. Bí cinnte go bhfuil sólaistí curtha amach.
4. Déan seiceáil ar threalamh a úsáidfear, e.g. teilgeoirí sonraí/micreafóin/seinnteoirí DVD, etc.
5. Déan liosta de jabanna atá le déanamh. Bí cinnte go bhfuil na mic léinn go léir a bhfuil jabanna acu, ar scoil. Mura bhfuil, faigh daoine nua chun iad a dhéanamh, chun go ndéanfar gach rud.
6. Déan cleachtadh ar an ráiteas tosaigh, an buíochas agus na ceisteanna, chun go rachaidh siad seo go maith.
7. Bí cinnte go bhfuil cóipleabhar/peann ag gach ball ranga chun nótaí a thógáil.
8. Bí ag faire ar an gclog chun nach rithfear amach as am do cheisteanna/bheith i dtrioblóid le múinteoirí eile de bharr a bheith déanach.

5 @ 1m

**(c)** Dréachtaigh ríomhphost chuig bainisteoir gnólachta áitiúil/eagraíochta pobail le cuireadh a thabhairt dó/di teacht chun cainte le rang GCAT. **7 marc**

**Chuig:** Seoladh ríomhphoist

**Ábhar**: Cuairt ranga.

A ………, a chara,

Táim ag scríobh ar son mo ranga sa 5ú bliain ar Scoil.................... Mar chuid dár gcúrsa Nascmhodúl, teastaíonn uainn foghlaim faoi.................

Is mian linn cuireadh a thabhairt duit labhairt lenár rang faoi obair na heagraíochta agat. Beidh rang dúbailte againn Dé Máirt, 15 Samhain ag 2:30 p.m. Tá 30 mac léinn sa rang. Mura bhfuil an t-am agus an dáta seo oiriúnach duit, is féidir linn am eile a shocrú.

Beidh mé ag súil le cloisteáil uait.

Is mise le meas

Marcas Mac Gabhann
Mac léinn GCAT sa 5ú bliain

| **Achoimre na Marcanna** | |
|---|---|
| Chuig | 1m |
| Líne an ábhair | 1m |
| Tús | 1m |
| Cuspóir an ríomhphoist | 1m |
| Socruithe | 1m |
| Críoch | 1m |
| Néatacht/Cur i láthair/leagan amach | 1m |
| Iomlán | 7m |

**(d)** Déan cur síos ar an tslí a ndéanfadh do rang measúnú ar chuairt an aoichainteora. **9 marc**

1. Ceistneoir: Is féidir é a thabhairt don eagraíocht atá ar cuairt chomh maith leis an rang.
   Cúis: Furasta torthaí a riar/a chomhordú.
   Is féidir é a líonadh gan ainm a chur leis.
   Neamhchostasach de ghnáth.
   Ráta maith freagartha.
   Tá siad oibiachtúil.

2. Déan tuairimí a iarraidh ar mhúinteoirí/ar bhall den eagraíocht atá ar cuairt.
   Cúis: Ceadaíonn sé don rang a scileanna agallaimh agus cumarsáide a chleachtadh.
   Is féidir ceisteanna a mhíniú, más gá.
   Éasca a dhéanamh.
   Nil costas ar bith i gceist.
   Gheobhaidh tú aiseolas macánta/athbhreithniú ar an obair bhuíne.

3. Cáilíocht na tuarascála – go leor eolais ann/an cineál ceart eolais foghlamtha.
   Cúis: Modh éasca lena úsáid mar caithfidh gach ball ranga tuarascáil a tháirgeadh.
   Is féidir tuarascálacha a chur i gcomparáid le chéile go héasca.

4. Athbhreithniú ar an obair bhuíne chun a fháil amach ar chuir an rang i ngníomh an rud atá foghlamtha acu.
   Cúis: An cuspóir a bhí ann ná obair go maith mar fhoireann.
   Tá a fhios ag baill uile an ranga cad atá i gceist.

| | | |
|---|---|---|
| 5. | Díospóireacht ranga:<br>Cúis: | Is féidir tuairimí éagsúla agus díospóireachtaí a ghlacadh ar bord.<br>Éasca lena eagrú.<br>Is féidir le gach duine páirt a ghlacadh ann.<br>Ceadaíonn sé do dhuine a fheiceáil cé mhéad a foghlaimíodh.<br>Go maith chun feabhsú nó cleachtadh i scileanna cumarsáide a thaispeáint. |

3 @ 3m
(1 + 1 + 1)

(Ceannteideal/Míniú/Cúis)

Leathanach Bán